Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

GA Sraith L

2023/2903

27.12.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2903 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 19 Nollaig 2023**

**lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Spáinne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Antonio VICENS VICENS a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na Spáinne Francisca RAMIS PONS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Directora General de Relaciones Institucionales y de Relaciones con el Parlamento* (Ard-Stiúrthóir um an gCaidreamh Institiúideach agus um an gCaidreamh leis an bParlaimint), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Francisca RAMIS PONS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Directora General de Relaciones Institucionales y de Relaciones con el Parlamento* (Ard-Stiúrthóir um an gCaidreamh Institiúideach agus um an gCaidreamh leis an bParlaimint), ina comhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. RIBERA RODRÍGUEZ

---

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).